Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2023
(OR. en)

6740/3/23
REV 3

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0197(COD)**

CODEC 247
CLIMA 96
ENV 167
TRANS 70
MI 135

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Eanáir 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 27 Eanáir 2022[3].

4. An 14 Feabhra 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

[1] 10906/21 — COM(2021) 556 final.
[2] IO C 194, 12.5.2022, lch. 81.
[3] IO C 270, 13.7.2022, lch. 38.
[4] 6421/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 66/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo, agus an Pholainn ag vótáil ina choinne, agus an Bhulgáir, an Iodáil agus an Rómáin ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle in ADD 1 REV 3 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.